



Freagra ar cheist ón bpreas

An úsáid a bhaintear as an síneadh fada in ainmneacha

Is cuid dhílis d'ainm duine an síneadh fada – tá an-difríocht chéille idir 'Sean' agus Seán ', mar shampla, nó idir 'Orla' agus 'Órla'. Fuair m'Oifig roinnt gearán maidir leis an ábhar seo i gcaitheamh na blianta.

Níl aon fhoráil, áfach, i reachtaíocht na dteangacha oifigiúla maidir le húsáid an tsínte fhada in ainm duine, bíodh sé sin i gcomhfhreagras, i mbunachair sonraí ríomhaireachta nó i bhfoirmeacha iarratais ar líne nó i dtáirgeadh cártaí aitheantais nó cártaí taistil – leithéidí an Chárta *Leap*. Níl bonn reachtúil faoi úsáid an tsínte fhada ach amháin nuair a thugann comhlacht poiblí gealltanais i scéim teanga, arna chomhaontú leis an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, go mbeidh córais ríomhairí in úsáid ag an gcomhlacht poiblí inar féidir úsáid a bhaint as an síneadh fada. D'aontaigh an tÚdarás Náisiúnta lompair scéim teanga leis an Aire in 2016, ach ní bhaineann an gealltanais sin ach le húsáid an tsínte fhada ina gcórais próiseála focal.

Rinne m'Oifig taighde cuimsitheach ar an ábhar le linn imscrúdú a rinneadh ar an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha in 2015, maidir leis an gcaoi ar tugadh an córas Eircode isteach i measc an phobail. Díríodh san imscrúdú sin ar úsáid logainmneacha oifigiúla ach tháinig an tsaincheist maidir le húsáid an tsínte fhada in ainm agus seoladh duine chun tosaigh chomh maith. Is féidir teacht ar achoimre ar an imscrúdú, inar mionscrúdaíodh an úsáid a bhaintear as ainm agus seoladh duine sa teanga oifigiúil is rogha leis an duine sin – an úsáid a bhaintear as an síneadh fada san áireamh – tríd an nasc seo a leanas:

https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/An_Roinn_Cumarsaide_Fuinnimh_agus_Acmhainni_Nadurtha_2015.pdf

Is faoin gceist áirithe seo a fuair m'Oifig an líon is mó gearán riamh ó bunaíodh í. Go deimhin, nuair a tháinig na chéad ghearáin maidir le cur i bhfeidhm Eircode, spreagadh mé le ráiteas a eisiúint, ina ndúirt mé: *“Má tá teastas breithe an duine as Gaeilge, agus murar úsáid sé/sí an leagan Béarla dá (h)ainm tráth ar bith ina s(h)aol – ansin – nach luíonn sé le ciall gurb é sin an leagan ba chóir an Stát a úsáid? Ba chóir go mbeadh sé mar cheart bunúsach ag an saoránach an leagan Gaeilge dá (h)ainm a úsáid más mian leis/léi é sin.”*

I mbeagán focal, cinneadh san imscrúdú nach raibh aon fhoráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le ceart an duine an leagan Gaeilge dá (h)ainm a úsáid, ach go bhféadfadh go mbeadh sárú déanta ar an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí dá gcláródh comhlacht poiblí leagan mícheart d'ainm duine le haghaidh gnóthaí oifigiúla. Is ábhar é seo, áfach, atá le himscrúdú ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Tharraing m'Oifig anuas an cheist faoin bhfolús seo sa reachtaíocht leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le Coistí Oireachtais roinnt uaireanta. I gCinn Athbhreithnithe an Bhille chun Acht na dTeangacha Oifigiúla a leasú (a foilsíodh in 2017), tá foráil chun bonn reachtúil a chur faoi úsáid an tsínte fhada in ainm agus seoladh duine. Tá teacht ar Chinn an Bhille ag

<https://www.chq.gov.ie/app/uploads/2015/07/bille-na-dteangacha-oifigiula-leasu-2017-sceim-ghinearalta-agus-dreachtchinn-an-bhille.pdf> agus tá an tagairt ábhartha anseo thíos:

Ceannteideal 8 Alt nua: Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha, seoltaí agus foirmeacha oifigiúla i nGaeilge

Foráil a dhéanamh:

- *Maidir le dualgas ar gach comhlacht poiblí daoine a éascú i ndáil le leagan Gaeilge nó leagan Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí poist, cibé acu is mian leo, a úsáid ina gcomhfhreagraí le comhlachtaí poiblí.*
- *Go mbeidh sé roghnach teideal a úsáid roimh ainm duine. Leis an bhforáil seo clúdaítear idirghníomhaíochtaí clóite agus leictreonacha le comhlacht poiblí.*
- *Maidir le líne roghnach a chur isteach chun freastal ar dhaoine a bhfuil “ainm áitiúil” acu lena ndéantar idirdhealú idir iad agus daoine eile leis an ainm céanna sa cheantar.*

Cuirimid fáilte mhór roimh an bhforáil seo ach moltar freisin go ndéanfaí foráil reachtúil chun aitheantas a thabhairt d’ainm duine sa teanga oifigiúil is rogha leis/léi.

Bhí sé i gceist ag an Roinn téacs iomlán an bhille a fhoilsiú san earrach, agus an reachtaíocht a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Dúirt an tAire Kyne sa Dáil le linn na seachtaine, áfach, go raibh an reachtaíocht á cur siar toisc tús áite a bheith á thabhairt don reachtaíocht ar an mBreathimeacht, agus go bhfoilseofaí í i rith théarma an tsamhraidh.

Ní miste a lua go bhfuil roinnt comhlachtaí poiblí cheana féin ann a dhéanann éascaíocht ar úsáid an tsínte fhada in ainm duine – mar shampla Oifig na bPasanna agus an Cárta Seirbhísí Poiblí.

Bhí deacrachtaí ann roimhe seo maidir le húsáid an tsínte fhada ar an idirlíon – go háirithe in ainmneacha fearainn agus i seoltaí ríomhphoist. Réitíodh na deacrachtaí seo ó shin agus baineann m’Oifige, mar shampla, úsáid anois as an síneadh fada in ainm fearainn na heagraíochta – www.coimisinéir.ie.

Tuilleadh eolais: Órla de Búrca, Bainisteoir Cumarsáide
091-504006/0872307182